**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 40

# Leanaí agus Gnóthaí Óige

**Réamhrá**

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, tá iachall orm an Cuntas Leithreasa bliantúil a ullmhú don Vóta, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, tá an cuntas atá iniata leis seo ullmhaithe agam a chuireann síos ar an méid a caitheadh sa bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 do thuarastail agus do chostais na Roinna Leanaí agus Gnóthaí Óige, do sheirbhísí áirithe a riaradh ag an Roinn, agus d'íocaíocht deontas áirithe.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a deonadh ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid arbh fhéidir í a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair caiteachais don bhliain.

Tá farasbarr de €29.69 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

**Struchtúr an Vóta**

Bhí struchtúr an Vóta 40 i 2013 ar aon dul le 2012, de réir na socruithe buiséadaithe fheidhmíochta le leithdháiltí Fotheidil a ailíniú le cuspóirí ardleibhéil. Roinneadh an Vóta i dtrí phríomhréimse cláir, a raibh aschur agus comhthéacs aitheanta acu chomh maith le táscairí iarmhairte.

**Ráiteas na bPolasaithe agus na bPrionsabal Cuntasaíochta**

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6. Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas

**Dímheas**

Cuireadh tús le tionscadal caipitil i 2012 leis an áis náisiúnta choinneála leanaí a fhorbairt ag Baile an Oibricigh. Níl an tsócmhainn le dímheas go dtí go gcuirtear i bhfeidhm í. Níor cuireadh i gcrích ráiteas ar leith faoi acmhainní atá i mbun forbartha agus cuirtear an acmhainn i mbun tógála san áireamh sa Ráiteas faoi Acmhainní Caipitil.

**Tiomantais Ilbhliantúla Chaipitil**

Tuairiscítear faoi cheangaltais chaipitil atá infheidhmithe go dlíthiúil is a sháraíonn €6.349m faoin bhfotheideal Ceangaltais.

***Íocaíochtaí Gníomhaireachta***

Baineann an muirear faoi fhotheideal B.9 le híocaíochtaí don Roinn Coimirce Sóisialta maidir leis an Scéim Íocaíochta Luathchúraim Leanaí. Is é an méid a ghearrtar don fhotheideal ná an méid a íocadh don Roinn sin i 2013.

Rinneadh íocaíochtaí do Phobal freisin i dtaca le seachadadh seirbhísí áirithe. Gearradh an tsuim iomlán a íocadh do Phobal sa chomhthéacs seo in aghaidh na bhfotheideal B.3, B.4, B.5, B.6, B.8 agus C.5.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním mo fhreagracht as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leantach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus cuirtear athbhreithniú ar an gcóras agus a chuid éifeachtachta ar bhonn leanúnach.

Tá an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais don Roinn Sláinte ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 40 i réimsí an airgeadais agus TE. De thoradh air sin, leantar ar aghaidh le seachadadh seirbhísí párolla, cuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte, ar son na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Tá an Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn sin seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 40 i réimsí an airgeadais i dtaca leis na Scoileanna Coimeádta Leanaí.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm mar a bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag gach leibhéal mar ar sannadh freagracht do bhainistíocht airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus le beart cuí ceartaitheach a chinntiú.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach de ghnáthaimh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe gurb ann do na rudaí seo a leanas

- córas cuí buiséadaithe le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach
- déantar athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais tuartha
- feidhmíonn córas bainistithe riosca laistigh den Roinn
- córas ar aidhm leo slándáil na gcóras TEC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail
- cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh, agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidm le cinntiú go gcloítear le gach treoirlíne ábhartha.

Tá an Roinn comhlíontach seachas conradh amháin ar luach €104,000. Bronnadh an conradh seo roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch ach d'éag sé sular cuireadh socruithe nua tairiscintí i bhfeidhm don tseirbhís ábhartha. Tá an Roinn tar éis sonraí a chur ar fáil faoin gconradh seo d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, sonraí a tugadh scartha ó thuairisceán Ciorcláin 40/2002 agus faoi láthair tá sí i mbun tairiscintí a chur i bhfeidhm don tseirbhís i 2014.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téitear i bhfeidhm ar a cuid oibre ag anailís na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, a ndéantar iad a fhaomhadh agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta ó am go chéile. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach i dtaca le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Ag Feabhsú Rialuithe Inmheánacha**

Tá feabhsuithe breise ar na rialuithe inmheánacha airgeadais ar siúl nó tar éis bheith curtha i gcrích, lena n-áirítear iad seo:

- Táirgeadh doiciméad faoi ghnáthaimh airgeadais na Roinne le linn 2013. Is é cuspóir an doiciméid ná treoir a thabhairt do bhaill fhoirne na Roinne maidir le cuid de na ceisteanna airgeadais sin ar dócha go n-eascróidh siad le linn a gcuid dualgas oifigiúil. Tá sé i gceist freisin go bhfeidhmeodh sé mar fhoinse fhaisnéise faoi bhunphrionsabail na cuntasaíochta Rialtais, faoi conas a chuirtear i bhfeidhm iad le linn oibriúchán laethúil agus freisin le tuiscint, eolas agus léirthuiscint a chinntiú maidir leis an obair atá i gceist in Aonad Airgeadais féin na Roinne. Déanfar an doiciméad seo, a bhfuil leibhéal cuíosach ard ag baint leis, a chomhlánú i 2014 ag nótaí treorach atá níos mionsonraithe le gnáthaimh airgeadais a leagan amach síos go leibhéal Aonad aonair.
- Le linn 2013, rinneadh athstruchtúrú ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, tar éis athbhreithnithe straitéisigh ar a hacmhainn le bheith ag freastal ar a cuid feidhmeanna. Mar chuid den athstruchtúrú céanna, earcaíodh ball breise MAC le bheith i gceannas i réimse an rialachais agus na feidhmíochta. Príomhbhreithniú sa chomhthéacs seo ná bheith ag freastal ar ról na Roinne maidir le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar obair na Gníomhaireachta nuabhunaithe um Leanaí agus Teaghlach, chomh maith le bainistiú feabhsuithe leanúnacha ar phróisis rialachais chorparáidigh inmheánaigh.
- Príomheilimint de chuid athstruchtúrú na Roinne ná lárú na feidhme Airgeadais sa Roinn. Bhí mar chuid de sin fostú breise bheirt chuntasóirí gairmiúla d'fhoireann an Aonaid Airgeadais, ar aistríodh duine acu ó limistéar Ceartas i leith an Aosa Óig na Roinne.
- Is é atá i gceannas ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh ná iniúchóir a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla aige a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn comhairleachta agus a dtacaítear leis ag ball foirne lánaimseartha a bhíonn ag obair san Aonad atá i mbun staidéir le haghaidh cáilíochta iniúchta faoi láthair. Feidhmíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh faoi threoir agus faoi rialú an Choiste Iniúchta Inmheánaigh agus Riosca (CIIR) agus an Ard-Rúnaí. Bhuail mé le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an CIIR ó am go chéile. Déantar plé rialta ar mhiontuairiscí agus ar thuarascáil bhliantúil an CIIR ag MAC.
- Cuireann bainisteoirí sinsearacha na Roinne a n-ainm le Ráiteas Ráthaíochta Rialaithe Airgeadais i dtaca lena réimsí féin freagrachta. Tá na Ráitis seo ar fáil agam mar Oifigeach Cuntasaíochta agus mé ag cur an Cuntas Leithreasa i gcrích.
- Tá próiseas aitheantais agus bainistithe riosca i bhfeidhm. Is é an cuspóir a bhaineann leis sin ná rioscaí a aithint agus a mheasúnú agus leis na rioscaí sin a bhainistiú ar féidir go bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu. Rinneadh bainistiú riosca a ionchorprú sa timthriall pleanála gnó agus tuilleadh meastóireachta agus feabhsaithe ar siúl i dtaca le bainistiú riosca mar chuid de thimthriall pleanála gnó agus athbhreithnithe 2014.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

10 Meán Fómhair 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil atá le cur i láthair i dTithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir beartas agus prionsabal cuntasaíochta caighdeánach do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um an Státchiste agus Rannóga Iniúchta 1866, tá sé d'iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach cistí agus réadmhaoine poiblí atá faoina smacht, as éifeachtúlacht agus barainneacht an riaracháin ina Roinn féin agus as rialtacht agus cuíúlacht gach idirbhirt sna cuntais leithghabhála.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá sé d'iachall orm faoi Alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus a leithéid de thástálacha a chur i gcrích is a mheasaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Ar chríochnú iniúchadh cuntais leithghabhála dom, tá sé de dhualgas orm deimhniú a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, dar liom, go gcuireann an cuntas i láthair go cuí na fáltais is an caiteachas sin a bhaineann leis an Vóta. Tá sé d'iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha

- mar ar theip ar roinn nó oifig caiteachas atá taifeadta sa chuntas a chur i bhfeidhm do na cuspóirí sin dá raibh an leithghabháil a rinneadh ag an Oireachtas i gceist, nó
- mar nach réitíonn na hidirbhearta atá taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil sé airbheartaithe gur cuireadh i gcrích faoi iad.

Faoi Alt 3 (10) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá sé d'iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí na gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin a chuirtear san áireamh sa chuntas agus measúnú ar an gceist ar cloíodh nó nár cloíodh le forálacha cuntasaíochta na Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu a mbeadh caimiléireacht nó mírialtacht nó earráid i gceist leis. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á déanamh agam, déantar measúnú ar leorgacht iomlán chur i láthair an eolais sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

Is í mo thuairim go gcuireann an cuntas leithghabhála i láthair go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an t-eolas agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach chun cuspóirí m'iniúchta. Is í mo thuairim gur coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2014

# Vóta 40 Leanaí agus Gnóthaí Óige

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 102,667 | 81,812 | 81,264 |
| B | Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga | 320,264 | 310,086 | 323,050 |
| C | Clár Polasaí agus Reachtaíochta | 16,175 | 15,262 | 18,052 |
| | **Ollchaiteachas** | **439,106** | **407,160** | **422,366** |
| | *Bain as* | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | **5,034** | **5,351** | **12,387** |
| | **Glanchaiteachas** | **434,072** | **401,809** | **409,979** |

**Farasbarr do ghéilleadh**

Tá farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanshuim faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Chuid 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir suim ar fad nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 32,263,216 | 4,777,586 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,576,000 | — |
| Farasbarr atá le géilleadh | 29,687,216 | 4,777,586 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,500 | 8,114 | 8,166 |
| ii | Taisteal agus cothú | 180 | 136 | 102 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 191 | 171 | 175 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 115 | 113 | 93 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 265 | 171 | 164 |
| vi | Costais áitribh oifige | 363 | 367 | 357 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe luach airgid agus polasaí | 123 | 97 | 14 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 200 | 162[1] | 3 |
| | | 9,937 | 9,331 | 9,074 |

[1] Áirítear ann €48,000 i dtaca le tuarastail, pá agus liúntais

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 397,829 | 413,293 |
| Pá | | 8,162 | 8,169 |
| Neamhphá | | 1,169 | 904 |
| **Ollchaiteachas** | | **407,160** | **422,366** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **5,351** | **12,387** |
| **Glanchaiteachas** | | **401,809** | **409,979** |
| **Athruithe sna sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannach | (3,388) | | |
| Dímheas | 129 | | |
| | | (3,259) | 4,204 |
| **Athruithe sna glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú sna fabhruithe deiridh | 585 | | |
| Laghduithe sa stoc | 10 | | |
| | | 595 | 8,388 |
| **Caiteachas díreach** | | **399,145** | **422,571** |
| **Caiteachas a íoctar in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,431 | 1,811 |
| **Glanchostas an chláir** | | **401,576** | **424,382** |

### 1.1 Glanchaiteachas na Seirbhísí Gaolmhara

Tá i gceist le méid glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i dtaca le Vóta 40 a íoctar in áit eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Liúntais Aoisliúntais agus Ar Scor | m | 177 | 173 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 2,239 | 1,638 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 15 | — |
| | | 2,431 | 1,811 |

tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte í an uimhir.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **6,599** | **3,340** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 479 | 588 |
| Stoic | 2.3 | 30 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,522 | 958 |
| Ioncam fabhraithe | | 4 | 2,075 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 9,496 | 24 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **12,531** | **3,685** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 238 | 160 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 139 | 504 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 9,836 | 108 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **10,213** | **772** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,318** | **2,913** |
| **Glansócmhainní** | | **8,917** | **6,253** |
| **Á léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.1 | **8,917** | **6,253** |

### 2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit

| | Nóta | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 6,253 | 11,597 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 434,072 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (2,576) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (29,687) | | |
| Glanvóta | | | 401,809 | 409,979 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íoctar in áit eile | 1 | | 2,431 | 1,811 |
| Caiteachas neamhairgid | | | — | 7,248 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (401,576) | (424,382) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **8,917** | **6,253** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Sócmhainní i mbun forbartha | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ollsócmhainní | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2013 | 3,081 | 631 | 566 | 4,278 |
| Breiseanna | 3,363 | 25 | — | 3,388 |
| **Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2013** | 6,444 | 656 | 566 | 7,666 |
| | | | | |
| Dímheas carntha | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2013 | — | 519 | 419 | 938 |
| Dímheas don bhliain | — | 76 | 53 | 129 |
| **Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2013** | — | 595 | 472 | 1,067 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **6,444** | **61** | **94** | **6,599** |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | **3,081** | **112** | **147** | **3,340** |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 6 | 13 |
| Ábhar inchaite TE | 24 | 26 |
| Cúrsaí feighlí | — | 1 |
| | 30 | 40 |

## 2.4 Iarmhéideanna eile dochair

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Airleacain don OOP | 6,985 | 22 |
| Cáin Ioncaim | 4 | (2) |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 2,507 | 4 |
| | 9,496 | 24 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Méideanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 57 | 29 |
| Cáin Chonraitheoirí Iomchuí | 2 | 1 |
| Cáin Bhreisluacha | 16 | 2 |
| Caiteachas infhorchúitithe na scéime pas taistil | 4 | 4 |
| Pinsin | — | 408 |
| | 79 | 444 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | — | — |
| Míreanna eile fionraí creidmheasa | 60 | 60 |
| | 139 | 504 |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Farasbairr le géilleadh | 29,687 | 4,778 |
| Géilleadh iarchurtha | 2,576 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (22,427) | (4,670) |
| Glandliteanas don Státchiste | 9,836 | 108 |
| **Á Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 479 | 588 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 9,496 | 24 |
| | 9,975 | 612 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (79) | (444) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (60) | (60) |
| | (139) | (504) |
| | 9,836 | 108 |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ceangaltais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh seo do: | | |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Fotheidil soláthair | 2,508 | 2,140 |
| Fotheidil deontais | 585 | 1,937 |
| Iomlán na gceangaltas | 3,093 | 4,077 |

**(b) Ceangaltais caipitil ilbhliantúla**

(tionscadail ar costas €6,348,690 nó níos mó)

| Tionscadal | Caiteachas go 31 Nollaig 2012 €000 | Caiteachas i 2013 €000 | Blianta ina dhiaidh seo €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| Áis Náisiúnta Coinneála Leanaí | 1,000 | 3,363 | 52,077 | 56,440 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 2,330 | 2,219 | 2,206 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 338 | 312 | 244 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 24,294 | 24,152 | 25,966 |
| A.4 | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 8,753 | 8,753 | 8,253 |
| A.5 | Clár Críochnaithe Scoile | 26,456 | 26,443 | 26,892 |
| A.6 | Clár Tacaíochta Leanaí & Teaghlaigh | 4,160 | 640 | 449 |
| A.7 | Cearta i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | 36,336 | 19,293 | 17,254 |
| | | 102,667 | 81,812 | 81,264 |

### Athrúcháin shuntasacha

San iomlán bhí an caiteachas maidir le Clár A €20.855 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. I ndara cuid 2013, agus bunaithe ar anailís an chaiteachais iomláin agus na dtreochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Clár Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh | 3,520 | Tá coigilteas faoin bhfotheideal seo inchurtha i leith caiteachais a bhí níba ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar chostais a bhaineann le soláthar saineolais, comhairle agus tacaíochta speisialaithe le cabhrú le nuathionscnamh agus bunú na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach. |
| Cearta i leith an Aosa Óig – Scoileanna Coinneála Leanaí | 17,043 | Eascraíonn an t-athrúchán go príomha de thoradh ar mhoill maidir le cur i gcrích socruithe soláthair agus chonartha do thosú na hoibre tógála ar an Áis Náisiúnta Coinneála Leanaí ag Baile an Oibricigh, Lusca, Co. Átha Cliath. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 2,330 | 2,211 | 2,206 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 338 | 229 | 244 |
| B.3 | Clár bliana réamhscoile COLÓ | 175,000 | 174,112 | 175,768 |
| B.4 | Cláir ghinearálta chúraim leanaí | 74,098 | 76,121 | 85,682 |
| B.5 | Tionscnamh cúraim leanaí aoise scoile (airgeadteoranta) | 11,500 | 18 | — |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 53,498 | 53,895 | 57,030 |
| B.7 | Clár luathidirghabhála do leanaí (páirtmhaoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoin) | 800 | 800 | 1,945 |
| B.8 | Tionscnamh bochtanais leanaí | 2,500 | 2,500 | — |
| B.9 | Íocaíocht luathchúraim leanaí | 200 | 200 | 175 |
| | | **320,264** | **310,086** | **323,050** |

### Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €10.178 milliún ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. Sa dara cuid de 2013 agus bunaithe ar anailís an chaiteachais iomláin agus na dtreochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas faoi fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 109 | D'eascair an t-athrúchán mar gheall ar chostais riaracháin neamhphá a bhaineann le reáchtáil na Roinne, go háirithe i dtaca le hOiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha chomh maith le Seirbhísí Comhairleachta agus Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Polasaí; bhí na costais a bhain leo ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Tionscnamh cúraim leanaí aoise scoile (airgeadteoranta) | 11,482 | D'eascair an t-athrúchán ós rud é go raibh líon na bhfaighteoirí leasa shóisialaigh cáilithe a aithníodh ag an Roinn Coimirce Sóisialta don scéim seo ní ba lú ná mar a réamh-mheasadh an chéad uair. |

| | | 2013 Soláthar Meastacháin €000 | 2013 Toradh €000 | 2012 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| **C** | **Clár Polasaí agus Reachtaíochta** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 3,875 | 3,732 | 3,758 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 726 | 628 | 416 |
| C.3 | Táillí agus socruithe dlíthiúla ilghnéitheacha | 848 | 220 | 186 |
| C.4 | Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha | 3,515 | 3,434 | 4,020 |
| C.5 | Straitéis Náisiúnta na Leanaí agus cláir eile | 2,175 | 1,965 | 1,970 |
| C.6 | Deontais chuig eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 500 | 500 | 500 |
| C.7 | Údarás Uchtála na hÉireann | 2,648 | 2,895 | 2,265 |
| C.8 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | 1,888 | 1,888 | 2,000 |
| | Costas i dtaca le heagrú reifrinn bhunreachtúil faoi chearta na leanaí | — | — | 2,937 |
| | | 16,175 | 15,262 | 18,052 |

## Athrúcháin shuntasacha

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár C €913,000 ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. I ndara cuid 2013 agus bunaithe ar anailís chaiteachais iomláin agus treochtaí éilimh, d'aistrigh an Roinn, le réamhfhaomhadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, coigilteas ar fhotheidil éagsúla laistigh den vóta le freastal a dhéanamh ar éilimh bhreise ar fhotheidil eile.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí agus socruithe dlíthiúla ilghnéitheacha | 628 | Bíonn sé deacair na híocaíochtaí a bhaineann le himeachtaí dlí a thuar agus bhí siad cuid mhaith ní ba lú ná mar a measadh. |
| Straitéis Náisiúnta Leanaí agus cláir eile | 210 | Tacaíonn an fotheideal seo le raon gníomhaíochtaí. D'eascair an ganncaiteachas go príomha i dtaca le costais a bhaineann le Tuarascáil CNACL agus forbairt Chreatlach Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga a bhí ní ba lú ná na leibhéil ionchais chaiteachais. |
| Údarás Uchtála na hÉireann | (247) | Baineann na costais fharasbairr go príomha le costais dlí a tabhaíodh ag Údarás Uchtála na hÉireann. |

# 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasa i gcabhair

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais AE - Clár Cúraim Leanaí Comhdheiseanna | 1,853 | 1,853 | 8,092 |
| 2. | Maoiniú Cistí Díomhaoine | 800 | 800 | 1,599 |
| 3. | Scéim Aoisliúntais - An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 266 | 289 | 280 |
| 4. | Scéim aoisliúntais d'fhoireann neamhtheagaisc na Scoileanna Coinneála Leanaí | 420 | 498 | 559 |
| 5. | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 63 | 18 | — |
| 6. | Scéim Aoisliúntais - Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 7. | Scéim Aoisliúntais - Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | — |
| 8. | Ilghnéitheach | 1 | 15 | 2 |
| 9. | Fáltais ó bhaint as a bhaineann le pinsin ar luach saothair státseirbhíse | 1,628 | 1,878 | 1,855 |
| | **Iomlán** | **5,034** | **5,351** | **12,387** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteidil nuair a bhí an toradh éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000, agus faoi níos mó ná 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó bhaint as a bhaineann le pinsin ar luach saothair státseirbhíse | (250) | Cinneadh an meastachán do 2013 bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil agus í á ceapadh. Measadh faoi bhun a luacha an méid a bhí le fáil i dtaca le baint as a bhaineann le pinsin ar luach saothair státseirbhíse, rud a ghin fáltais fharasbairr thar mheastachán 2013, go háirithe i dtaca leis an gClár Críochnaithe Scoile, agus go pointe níos lú, na Scoileanna Coinneála Leanaí. |

### 4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste

Aistríodh fáltais eile ar luach iomlán €374,469 chuig an Státchiste le linn na bliana. Bhain siad seo le hiarmhéid neamhchaite de €193,478 a géilleadh ag an gCoimisiún Reifrinn a bhain le Reifreann na Leanaí agus €180,991 maidir le baint as aoisliúntais roimh 2013 i dtaca leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana (**coibhéisí lánaimseartha**) | | | |
| | Roinn | 135 | 132 |
| | Gníomhaireachtaí | 330 | 342 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 7,535 | 7,608 |
| Liúntas níos airde, sainliúntas nó liúntas dualgas breise | 135 | 109 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 60 | 70 |
| ÁSPC an Fhostaitheora | 431 | 381 |
| **Pá iomlán** | **8,162** | **8,169** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2013 € | Uasíocaíocht aonair 2012 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, saindualgais nó dualgais bhreise | 18 | 4 | 18,773 | 20,614 |
| Liúntais eile | 6 | — | 225 | 337 |
| Ragobair | 24 | 1 | 14,665 | 16,914 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

Baineann na sonraí pá, liúntais agus sonraí eile luach saothair le foireann na Roinne, a íocadh go díreach ón vóta faoi chláir A,B agus C.

Ní idirbheart díreach airgeadais de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus dá bhrí sin ní gnáthrud ag an Roinn é faisnéis mhionsonraithe a choimeád faoi phá agus faoi liúntais i dtaca le foireann ghníomhaireachta. Tá a leithéid d'fhaisnéis mhionsonraithe i dtaca le líon agus pá na bhfostaithe i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla/na tuarascálacha bliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí ábhartha.

**5.2 Foireann Ghníomhaireachta**

| Líon na foirne ag deireadh na bliana (**coibhéisí lánaimseartha**) | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 14 | 14 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 93 | 91 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 189 | 203 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 24 | 24 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 10 | 10 |
| **Iomlán** | **330** | **342** |

| **Pá** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh | 1,070 | 768 |
| An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 5,312 | 5,229 |
| Scoileanna Coinneála Leanaí | 12,507 | 13,007 |
| Údarás Uchtála na hÉireann | 1,642 | 1,220 |
| Oifig an Ombudsman do Leanaí | 744 | 730 |
| **Pá Iomlán** | **21,275** | **20,954** |

[1] Áirítear ann €312,788 do 2013 i dtaca le ranníocaíochtaí pinsin fhostóra do státseirbhísigh ar iasacht. Ba é an méid comhfhreagrach do 2012 ná €275,797, rud a thugann na costais iomlána phárolla sa bhliain sin do €1.496 milliún.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fo-theid-eal | Cur Síos | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 53,895 | 57,030 |
| C.6 | Deontais d'eagraíochtaí (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 500 | 500 |

Tá liosta d'fhaighteoirí an mhaoinithe agus na méideanna a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.dcya.gov.ie

### 6.2 Seirbhísí Gníomhaireachta

Soláthraítear seirbhísí gníomhaireachta ag an Roinn Coimirce Sóisialta maidir le Fotheideal B.9. San iomlán íocadh €200,000 don Roinn Coimirce Sóisialta i dtaca leis an gclár íocaíochta luathóige. B'in an méid a gearradh don fhotheideal i 2013.

Soláthraítear seirbhísí gníomhaireachta ag Pobal i dtaca le seirbhísí áirithe a ghearrtar d'Fhotheidil B.3, B.4 B.5, B.6, B.8 agus C.5. San iomlán íocadh €100.583 milliún do Phobal; bhí i gceist leis sin an tsuim iomlán a gearradh ar na sé fhotheideal sa chomhthéacs seo.

### 6.3 Costais Dlí

| Déantar na costais dlí a íocadh le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas: | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí | 49 | 78 |
| Cúiteamh | 290 | — |
| | 339 | 78 |

### 6.4 Dliteanas Teagmhasach

Eascróidh dliteanais mar gheall ar an dúshlán dlí do thoradh Reifreann na Leanaí. Bronnadh ar an achainíoch an tríú cuid dá cuid costas dlí ag an Ard-Chúirt i Mí na Samhna 2013 ach tá an méid iarbhír agus ionú na híocaíochta fós le cinneadh.

### 6.5 Tabhairt anonn maoinithe

Faoi sholáthar Ailt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €2,576,000 den leithdháileadh neamhchaite i dtaca le heilimintí caipitil Fhotheideal A.7 anonn go 2014.